

Desiderata

Siúil romhat go sámh i lár an ghleo is an ghreadta agus cuimhnigh ar chaoimhe an chiúnais.

Chomh fada agus is féidir gan ghéilleadh, bí cairdiúil le cách.
Inis an fhírinne mar a fheictear duit í go ciúin agus go soiléir,
agus éist le daoine eile, fiú leis an daoi agus leis an aineolaí;
Tá a scéal féin acusan leis...;

Seachain an dream callánach bagrach: Is crá croí iad.
Má dhéanann tú tú féin a mheas le hais daoine eile, seans go n-éireoidh tú
uaibhreach nó searbh;

Óir i gcónaí beidh daoine ann níos fearr agus níos measa ná tú féin.
Bain sásamh as a bhfuil déanta agat agus as a bhfuil beartaithe.

Bí dílis duit féin. Thar aon ní eile ná taispeáin cion go bréagach.
Ná déan magadh faoin ngrá ach oiread;
mar ainneoin gach doichill agus gach briseadh draíochta, tá sé chomh féiltiúil leis
an bhféar.

Glac gan chol le himeacht na mblianta agus scar go stuama le hiompar na n-óg.
Cothaigh misneach meanman mar dhíon ar thubaiste gan choinne.

Is iad an tuirse agus an t-uaigneas is bun leis an eagla go minic.
Seachas féinsmacht folláin, tóg an saol go bog.
Is gin de chuid na cruinne thú, ar aon chéim leis na crainn is na réaltaí;
Tá sé de cheart agat bheith anseo,
agus pé acu a thuigeann tú é nó nach dtuigeann,
gan amhras tá an chruinne ag dul mar is cóir.

Mar sin déan muintearas le Dia, pé tuiscint atá agat Air,
agus cuma cén saothar nó mian atá agat;
is an saol ina raic, bíodh d'anam chun só.
Ainneoin a bhréige, a thuirsiúlacht is a aislingí scriosta, is domhan álainn é i
gcónaí.
Bí críonna. Déan do dhícheall bheith sásta.